# CLÁR SCOILE AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH




# BUANNA DO LINBH A FHORBAIRT

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

PDST
Professional Development Service for Teachers
An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

Junior Certificate School Programme

## CUID 1:

# Bí rannpháirteach in oideachas do linbh

- Bíonn tionchar cumhachtach ag tuismitheoirí ar oideachas a gcuid leanaí.
- Is féidir leatsa a bheith ag oibriú i gcomhar le do leanbh chun cabhrú leis na scileanna a shealbhú atá riachtanach le go n-éireoidh leis san oideachas agus le go mbeidh sé rannpháirteach sa tsochaí.
- Is féidir le tacaíocht uaitse do do leanbh cabhrú leis eispéireas dearfach oideachais a bheith aige.
- Is féidir leat cabhrú trí theagmháil a chothú leis an scoil, do leanbh a spreagadh leis na tascanna a thugtar dó a chur i gcrích, tinreamh agus poncúlacht fhónta a spreagadh agus meon dearfach i leith an oideachais a léiriú. Is féidir cabhrú freisin trí bheith ag freastal ar imeachtaí scoile ar nós cruinnithe tuismitheora-múinteora nó ceiliúradh ar Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh.

## CUID 2:

# Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh

- Is éard is aidhm le Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh ná a chinntiú go mbaineann do leanbh lánacmhainneacht amach agus go sealbhaíonn sé na scileanna atá riachtanach le haghaidh rannpháirtíochta i sochaí an lae inniu.
- Comhlánaíonn Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh clár na Sraithe Sóisearaí agus ní rud ar leithligh é.
- Anuas ar chlár na Sraithe Sóisearaí a chur i gcrích, faigheann scoláirí Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh próifíl bhreise ina bhfuil cuntas ar a gcuid scileanna agus gnóthachtála i gcaitheamh a rannpháirtíochta sa chlár..

## CUID 3:

# Cad a tharlaíonn ar scoil?

- Déanann scoileanna Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh a fhorbairt in éineacht le riachtanais chlár na Sraithe Sóisearaí agus deartar é le rannpháirtíocht agus taitneamh ar an oideachas a chur chun cinn i measc na scoláirí.
- Féachann an clár le scileanna litearthachta, uimhearthachta agus sóisialta an scoláire a fhorbairt.
- Ar feadh an chláir, bíonn deiseanna ag scoláirí chun scileanna foghlama neamhspleáiche agus úinéireacht ar a bhfoghlaim féin a fhorbairt.
- Bíonn scoláirí gníomhach i rianú a ndul chun cinn féin agus téann siad i dtaithí ar an rathúlacht ar bhonn leanúnach.

# CUID 4:
## An Phróifíl

- Faigheann scoláirí próifíl ag deireadh an chláir, ina mbíonn cuntas ar a ngnóthachtáil uathúil féin agus ar na scileanna a shealbhaigh siad le linn an chláir.
- Tá an phróifíl ceaptha le bheith dearfach agus ina hábhar misnigh do do leanbh agus go ndaingneoidh sí eispéireas dearfach oideachasúil sa tSraith Shóisearach.

**SFGM Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh**

Ionad Oideachais na Carraige Duibhe

Ascaill na Cille

Dún Laoghaire

Co. Bhaile Átha Cliath

Fón: 012365000

Ríomhphost: jcsp@pdst.ie

Suíomh Gréasáin: www.jcsp.ie

@jcspie

